

Ceacht 8

Spásárthach an Domhain

Leid

Más féidir, déan an ceacht seo i halla nó i spás mór. Mura féidir, cuir na táblaí ag taobh an tseomra roimh theacht na ndaltaí, más féidir, sa dóigh is gur féidir libh an t-ionsamhlú a thosú láithreach. Cuir na suíocháin amach ar nós eitleáin/spásárthaigh (féach plean eitilte).

Beidh sé ina bhuntáiste don cheacht má tá na daltaí cleachta leis an mhúinteoir i mbun ról s'acu mar bhall den chriú. Ní bheidh iontas orthu ar an bhealach seo.



Chun cuidiú leis na daltaí fonn rannpháirtíochta a fhorbairt agus iad a spreagadh chun gnímh mar shaoránaigh dhomhanda



Ag forbairt chumas buíochais agus idirspiléachais

Ag smaoineamh go criticiúil agus ag déanamh taighde

Ag aimsiú gníomhaíochtaí is féidir leo a dhéanamh mar shaoránach domhanda



Acmhainn Tacaíochta Ceachta 7:

Script agus Plean Eitilte do Spásárthach an Domhain

Físeán Youtube 'The Global Village'

le *Hyperfine Media*



Gníomhaíocht 1: 30 nóiméad

Gníomhaíocht 2: 20 nóiméad

Naisc leis an Chreat Foghlama don dalta

1. Ag Forbairt Eolais agus Tuisceana ar Fhadhbanna Áitiúla agus Domhanda
2. Ag Foghlaim Scileanna agus Luachanna chun na nithe seo a leanas a shealbhú:
 - o Smaointeoireacht Chriticiúil
 - o Litearthacht Mhothúchánach
 - o Meiteachognaíocht
 - o Meon Forbartha: Dearcthaí agus aigní
 - o Luachanna Uilíocha



Gníomhaíocht 1

- Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag déanamh rólimeartha / ionsamhlaithe faoin domhan
- Agus é/í i gcarachtar, ba cheart don mhúinteoir an t-ionsamhlú 'Spásárthach an Domhain' a dhéanamh leis na daltaí (**féach Acmhainn 7**)

Gníomhaíocht 2

- Fiafraigh de na daltaí cén baint atá ag an ionsamhlú 'Spásárthach an Domhain' leis an domhan

Ceisteanna spreagthacha

- Cén baint atá ag an Spásárthach leis an saol mar atá?
- Cé dó a sheasann na paisinéirí den chéad ghrád an dóigh leat?
- Cé dó a sheasann na paisinéirí den dara grád an dóigh leat?
- Cé dó a sheasann na paisinéirí den tríú grád an dóigh leat?
- Cad chuige a bhfuil sé roinnte ar bhealach chomh míchothrom sin?
- An bhfuil sé seo cothrom? Cad chuige / Cad chuige nach dóigh leat
- An dóigh leat gurbh fhéidir le coimhlínt tosú mar gheall ar an éagothroime? Cad chuige / cad chuige nach dóigh leat?
- Iarr ar na daltaí amharc ar an fhíseán Youtube 'The Global Village' le Hyperfine Media (Tá neart beochana ar fáil ar líne a dhíríonn ar 'The Global Village'). Thig leis an mhúinteoir 'If the world were 100 people' a chuardach agus réimse físeán a phiocadh atá fóirsteanach d'aoisghrúpaí éagsúla

Moladh Fhorbairt Ceachta:

Feachtas Póstaer a dhearadh

- Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar
- Tabhair páipéar smeach-chairte amach dóibh agus abair leo samhlú gur cuireadh ceist orthu feachtas póstaer a chruthú; feachtas póstaer a chuirfidh in iúl do dhaoine cé chomh míchothrom agus atá Spásárthach an Domhain, agus a spreagfaidh daoine chun Spásárthach níos cothroime a dhéanamh

Noda

- Cad é an phríomhtheachtaireacht atá tú ag iarraidh go dtuigfidh daoine ó do phóstaer?
- Cad é an rud is tábhachtaí ba chóir a bheith ar eolas acu faoin éagothroime?
- Cad iad na gníomhaíochtaí a mholfá do dhaoine chun an Spásárthach a dhéanamh níos cothroime do gach duine?
- Iarr ar gach grúpa a bhfeachtas phóstaer críochnaithe a roinnt leis an chuid eile den rang
- Más féidir, thig tuilleadh dearaidh a dhéanamh ar na póstaer le TFC